RÉAMHRÁ Ó BHAINISTEOIR CONTAE DHÚN NA NGALL

RÉAMHRÁ

Ullmhaíodh an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB) do 2005 ar bhunús Ioncaim agus Caiteachais. Le linn na bliana 2005, chuaigh Comhairle Chontae Dhún na nGall de réir a chéile i dtreo cuntasóireacht ar iomlán Fabhruithe agus Clár Comhardaithe nuair a leanadh ar aghaidh leis an phróiseas inar cuireadh san áireamh gach sócmhainn ab fhiú níos mó ná €5,000, le theacht ar fhigiúr de €3.292bn do RAB 2005 agus ina n-áirítear gach uile ioncam ábhartha inbhailithe.

In ainneoin go dtáinig biseach ar Chuntas Ioncam Reatha na Comhairle le linn 2005, le biseach de €0.814m ó €13.070 ag deireadh na bliana 2004 go dtí €12.256m ag deireadh 2005, agus mar a dúirt mé i ndáil le RAB 2004, cuireann na cuntais foriomlán go leor fadhbanna dúshlánacha mórchúiseacha inár láthair a bhfuil gá aird leanúnach a thabhairt orthu. Sa chomhthéacs seo fosta, ciallaíonn leibhéal na n-iarmhéideanna neamhchistithe de €8.145m ar ár gCuntas Caipitil agus Bearna Maoiniúcháin stairiúil de €5.327m anois inár Leabhair Iasachta Morgáiste, go méadaítear ar an ghá atá lena leithéid de staid neamhfhabhrach. Is léir go bhfuil níos mó smachta de dhíth ar an sreabhadh airgid.

Mar a dúradh roimhe seo, tá Córas Bainistíochta Airgeadais in úsáid ag Comhairle Chontae Dhún na nGall, mar atá ag Rialtais Áitiúla eile, le roinnt blianta, córas a thugann léargas níos soiléire ar ár staid airgeadais agus ag an am céanna atá ina uirlis tábhachtach ar bhonn leanúnach i gcur i bhfeidhm smacht Bainistíochta/Airgeadais le cur ar chumas Comhairle Chontae Dhún na nGall gníomhú laistigh de na hacmhainní atá ar fáil ón Rialtas Lárnach, Gníomhaireachtaí eile agus go deimhin iad siúd atá curtha ar fáil go háitiúil ag na Comhaltaí Tofa i ndiaidh moltaí ó ghéag feidhmiúcháin na Comhairle le linn próisis an Bhuiséid Bhliantúil agus, ar na mallaibh, an Scéim úr do Ranníocaíocht Forbartha. Ó tharla go bhfuil na sonraí ioncaim do 2005 leagtha amach go cuimsitheach ag Ceann an Airgeadais ina athbhreithniú agus sna Polasaithe, Tábhlúcháin, Nótaí agus Aguisíní ábhartha, ní dhéanfaidh mise ach labhairt go hachomair ar na staitisticí agus na saincheisteanna príomha i ndáil le hIoncam, Cruthú Caipitil/Sócmhainní Seasta agus Ioncam & Caiteachas ar bith eile.

IONCAM & CAITEACHAS

Mar atá luaite cheana féin, bhí an t-easnamh ioncaim charntha ar an 31 Nollaig 2005 ionann le €12.256m, biseach de €814,000 ar an fhigiúr de €13.070m. a bhí ann ar an 31 Nollaig 2004.

D'aontaigh na Comhaltaí Tofa le mo mholadh i leith buiséadú a dhéanamh faoi choinne farasbarr de €800,000, d'ainneoin go raibh sé d'iallach ar an Chomhairle glacadh le caiteachas eisceachtúil comhlán de €2.9m i ndáil le dámhachtainí a tugadh do Bhaill Foirne ar phá, agus d'iar Bhaill Foirne ar phá, de thairbhe Tagarmharcáil Comhthreomhar, Liúntais Deireadh Seachtaine, srl, cuid díobh ag dul siar chomh fada le 2001. Nuair atá an t-ioncam do Chiste Forchostais agus Aoisliúntais na Comhairle, ionann le €0.300m, glanta, maraon le suim de €0.393m atá bheas ar fáil i 2006 ón

Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Rannóg na mBóithre, do riaráistí 2005, in 2006, tugann sé seo glanchostas de thuairim is €2.2m. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur bhain muid an toradh seo amach gan dochar a dhéanamh dár staid ó thaobh easnaimh charntha de, agus i ndáiríre gur éirigh linn an sprioc-bharrachas a bhaint amach chun an t-easnamh carntha a thabhairt anuas tuilleadh.

Léiríonn an dámhachtain féin feabhas ollmhór do Fhoireann na Comhairle ar pá agus cuirtear ar fáil an dúshraith do bhaint amach táirgeachta agus gnóthachan eile san am atá le theacht, chomh maith le bheith mar bhonn agus thaca don togra mór dílárnaithe i ndáil le seachadadh seirbhísí.

Roinnt Buaicphointí

	Caiteachas €	**Ioncam €**	**Barrachas Glan €**
2005	**144,454,321**	**145,268,159**	**813,837**
2004	**130,512,865**	**131,545,886**	**1,033,021**

Mór-ghnéithe - Caiteachas	**2005 €**	**2004 €**
Speansais Párolla	58,156,678	51,309,438
Speansais Feidhmiúcháin	59,660,002	53,849,498
Muirir Iasachtaí	8,915,545	8,890,451
Speansais Eile Neamhphá	17,722,096	16,463,478
Iomlán	**144,454,321**	**130,512,865**

Mór-ghnéithe - Ioncam	**2005 €**	**2004 €**
Deontais agus Fóirdheontais	54,363,904	48,980,015
Earraí agus Seirbhísí	36,388,358	32,961,964
Ciste an Rialtais Áitiúil	35,759,089	32,356,182
Rátaí	16,483,020	15,074,547
Muirear Contae	2,273,788	2,173,178
Iomlán	**145,268,159**	**131,545,886**

Ba chóir a lua go raibh an caiteachas d'Ioncam Reatha sa bhliain 2005 ionann le méadú de 325% ar an mhéid a caitheamh sa bhliain 1994 (€44,413,532) agus méadú de 202% ar an mhéid a chaitheamh sa bhliain 1999 (€71,504,280). Áirítear suimeanna sna figiúirí caiteachais ar mhaithe leis na Struchtúir úrnua do Bhainistíocht Ceantair agus Rannóige, struchtúir a chuireann Dún na nGall ar thús cadhnaíochta maidir le rochtain agus infhaighteacht ag an phobal i gcoitinne ar sheirbhísí Údaráis Áitiúil agus an soláthar d'áiseanna a chiallaíonn go gcuirtear an oiread deiseanna agus is féidir ar fáil do sholáthar mórán de na Seirbhísí Pobail ar bhonn nasctha – ceann de phríomhchuspóirí an Pholasaí Rialtais reatha.

Maidir leis sin, áirítear sa Chaiteachas fosta na costais seirbhísithe leanúnacha ar iasachtaí a fuarthas faoi chomhair an chostais nach beag den Chlár Tógála (Costas Comhlán thar €40m).

Maidir le Cistiúchán Comh-mhaoinithe, áirítear i gcomhair costais seirbhísithe leanúnacha chomh maith. Tá siad seo bainteach, mar shampla, le hiasachtaí a fuarthas ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar Infreastruchtúr Mara agus Muirí (thar €10m) le dornán blianta anuas (Feabhsú Infreastruchtúir) mar aon le hiasachtaí de chorradh agus €11m a fuarthas i gcomhair soláthar de Sheirbhísí Sóisialta – Deontais do Dhaoine Míchumasacha agus do Dheisiúcháin Riachtanacha thar mhórán blianta (ar na mallaibh rinneadh freastal orthu sin le Soláthairtí díreach ó Ionacm Reatha in éineacht le fáltais eile atá comhaontaithe leis an Rannóg Tithíochta sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil).

I ndáil le cad as a dtagann an teacht isteach agus na leibhéil riaráistí, tá léargas tugtha in Aguisín 7 ar staid an airgid reatha faoi na mór-teidil ioncaim. Gan amhras, in ainneoin na dtosca aon-uaire maidir le Táillí Uisce (chiallaigh cur i bhfeidhm an chórais úrnua go raibh moill ar eisiúint na mbillí do 2005 dá bharr), tá dúshláin mhóra os ár gcomhair le dhul i ngleic leo agus le sárú. Tá aird ar leith de dhíth ar bhailiúchan na Rátaí Tráchtála siocair go bhfuil roinnt tionscal agus gnólachtaí áirithe ag streachailt le cúinsí deacra trádála, m.sh. Tionscal Éisc na gCealla Beaga. Mar sin féin, tá Rátaí Trádála iníoctha agus cuirtear gach uile áis ar fáil d'íocaíocht na nÉilimh Rátaí agus laghdú a dhéanamh ar chruatan ar bith lena linn.

Mar a léiríodh i bpróiseas an Bhuiséid do 2006, faoi choinne an costas iomlán de sholáthar Uisce chuig an Earnáil Neamh-teaghlaigh, chomh maith le costas an chláir méadair atá beartaithe, a fháil ar ais, beidh gá le hionchur suntasach ó gach uile ghné de Sheirbhís Bhailiúcháin Ioncaim na Comhairle, seirbhís a bhfuil eagru, bainistiú, trealmhú agus tacú córasaithe á dhéanamh uirthi, chun na riachtanais bhreise a shásamh.

Is fiú a thabhairt faoi deara go ndearnadh laghdú mór sa bhliain 2005 i leibhéil na riaráistí gan íoc i ndáil le híocaíochtaí ó Chonraitheoirí/Oibrithe Dramhaíola i gcomhair úsáid a bhaint as Láithreáin Líonta Talún na Comhairle agus áiseanna dramhaíola eile (arís féach Aguisín 7).

CAIPITEAL AGUS CAITEACHAS EILE	**2005**	**2004**
▪ Caiteachas Caipiteal	€138.308m	€104.500m
▪ An t-iomlán gan íoc ar Iasachtaí Morgáiste	€24.122m	€21.405m
▪ An t-iomlán gan íoc ar Iasachtaí Neamh-mhorgáiste	€58.259m	€61.575m
▪ Easnamh Caipitil Neamhchistithe	€8.145m	€8.313m
▪ Bearna Cistithe Stairiúil	€5.327m	€5.847m
▪ Bearna Cistithe ar Iasachtaí Morgáiste – Creidmheas "Airgead Tirim"	€0.118m	€2.28m

Mar atá luaite sa Ráiteas Airgeadais Bhliantúil do 2004, rinneadh iarratas chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i ndeireadh na bliana 2003 agus arís in 2004 le roinnt maoiniú a fháil chun na fuílligh dochair, i ngach Stiúrthóireacht sa Chuntas Caipitil a ghlanadh, fuílligh atá ionann le €8.145m sa bhliain 2005 anois.

Mar an gcéanna is a bhí amhlaidh anuraidh, caithfidh mé a rá nach bhfuil táscairí ar bith ar fáil ag an am seo maidir le cén suim, má bhíonn aon rud, ar fáil ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar mhaithe le fuílligh gan íoc ar chuntais chaipitiúla a ghlanadh. I láthair na huaire, tá gach Stiúrthóir Seirbhíse ag athbhreithniú na fuílligh reatha gan íoc don chuntas seo. Fanóidh na fuílligh seo mar mhuirear ar an Chuntas Caiptil atá le bheith maoinithe ó dheontais sa todhchaí do scéimeanna agus/nó Ranníocaíochtaí Forbartha seachas mar mhuirear ar an Chuntas Ioncaim.

Féadfaidh sé go gcaithfear déileáil leis an bhearna stairiúil maoiniúcháin ar Iasachtaí Morgáiste (€5.327m) i mbuiséid san am atá romhainn. I láthair na huaire, táimid ag scrúdú roghanna chun an bearna seo a laghdú gan iallach a bheith orainn soláthar breise a chur i leataobh dó i mbuiséid sa todhchaí, macasamhail ath-airgeadú breise ar ghnéithe de Leabhar na nIasachtaí Morgáiste (más féidir) agus tuilleadh taiscí ó tháillí iascahta a úsáid dá bharr, ar mhaithe leis an tsuim seo a thabhairt anuas thar roinnt blianta agus/nó comhaontú a shocrú leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an cheist seo a réiteach fríd am.

Mar atá ráite sa Bhuiséad do 2006, tá aitheantas agus diúscairt ar Shócmhainní Barrachais na Comhairle, le cead Chomhaltaí na Comhairle, ag dul ar aghaidh i dtólamh agus is rogha réalaíoch é chun déileáil le cuid de na saincheisteanna i dtaca le hEasnamh sa Chuntas Ioncaim (go hindíreach), agus go díreach leis na deacrachtaí sa Chuntas Caipitil agus sa Bhearna Maoiniúcháin sna hIasachtaí Morgáiste. Mar is eol do na Comhaltaí ó Bhuiséad 2006, rinneadh luach €2.8m de shean-iasachtaí, ag rátaí arda úis éagsúla, a fhuascailt i mí Eanáir 2006 a bhuí do mhaoiniú ó dhiúscairt cuid de na sócmhainní farasbairr seo i ndeireadh na bliana 2005. Mar thoradh na gníomhaíochta sin, rinneadh sábháil ar tháillí iasachta i mBuiséad 2006. Tugadh anuas suim eile de €2m ar Iasacht Neamh-mhorgáiste ó cheann de na hInstitiúidí Baincéireachta. Fuarthas formhór – chan iomlán – den €4.8m seo ó dhíolachán sócmhainne i mBaile Dhún na nGall. Tá fardal iomlán de na Sócmhainní Seasta Stairiúla ar shéala a bheith réidh, fardal atá ullmhaithe de réir riachtanas an Chórais Bainistíochta Airgeadais úrnua. Ba chóir go mbeadh ar ár gcumas gan mhoill moltaí a chur faoi bhráid na gComhaltaí i ndáil le diúscairt sócmhainní a cheadú. D'fhéadfadh soláthar d'áiseanna cóiríochta a bheith i gceist leis seo fosta, faoi choinne uasghrádú a dhéanamh ar sheirbhísí i Leifear agus i mBealach Féich/Srath an Urláir.

Bhí an caiteachas iomlán do Ioncam agus Caipiteal don bhliain 2005 ionann le €282.762m, méadú de €214.212m (nó 312%) thar ár gcaiteachas de €68.550m sa bhliain 1994. Tugann na figiúirí seo léiriú leanúnach ar na hathruithe ollmhóra atá ag tarlú i méid agus scóip na seirbhísí atá a gcur ar fáil ag Comhairle Chontae Dhún na nGall agus ar an bhrú atá ar an fhoireann agus na Comhaltaí Tofa chun freastal ar ráchairt an phobail, atá de shíor ag fás, ar níos mó seirbhísí níos fearr agus ar infreastruchtúr fisiceach, eacnamaíoch agus sóisialta níos nua-aimseartha.

Michael Mac Giolla Eoin

M. Mac Giolla Eoin
BAINISTEOIR CONTAE.

ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS
(Amharc fosta ar na Sonraí atá leagtha amach sa Tuarascáil in Aguisín 9)

ULLMHAITHE AG: AIDAN MCNICHOLAS, CEANNASAÍ AIRGEADAIS

RÉAMHRÁ

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil seo 2005 (RAB) sa leagan amach atá ceaptha do na hÚdaráis Áitiúla chun a gcuid figiúirí bliantúla Ioncaim Reatha agus Caiteachais a chur i láthair. Tá an Ráiteas seo, agus a fhorbairt, mar chuid de na hathruithe leanúnacha atá ar siúl i gcomhthéacs na bhforbairtí faoi láthair i gCórais Cuntasaíochta agus Bainistíochta Airgeadais na nÚdarás Áitiúil. Á léiriú sin, tá an RAB ag clúdach beagnach chuile Sóchmhainn Seasta atá cruthaithe go stairiúil nó ceannaithe ag Comhairle Chontae Dhún na nGall thar roinnt blianta.

Tá míreanna Cuntais Caipitil leagtha amach anois mar Chlár Comhardaithe de réir Threoirlínte na Roinne. Ba chóir na Polasaithe Cuntasóireachta agus na "Nótaí ar, agus mar pháirt de na Cuntais" a léamh le tuilleadh eolais a fháil faoi seo.

Tá an t-eolas faoin Bhuiséad Glactha agus faoin Bhuiséad Athleasaithe leagtha amach i dTábla 1 ar leathanach 6, agus tá na leasuithe san áireamh fá choinne maoiniú faoi leith sa bhreis a fuarthas i ndiaidh an Bhuiséid agus an Ollmhéid Caiteachais agus Ioncaim Dearfa.

Mar atá riachtannach de réir reachta, bhí an tuarascáil i ndáil le caiteachas Chomhairle Chontae Dhún na nGall don bhliain 2005, nuair a chuirtear i gcomparáid é leis na costais oibriúcháin ó lá go lá, curtha ar an chlár oibre ag cruinniú speisialta den Chomhairle ar an 12 Meitheamh 2006. Tá sé seo leagtha amach in Aguisín 9.

Lorgaíodh faomhadh ó Chomhaltaí na Comhairle de réir mar a bhí oiriúncah do fhigiúr an ollchaiteachas leasaithe nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an Bhuiséad Leasaithe (An Buiséad Glactha mar a bhí leasaithe ag maoiniú breise a ceadaíodh do 2005) do Chlárghrúpaí ábhartha de réir Fo-alt 7 d'Alt 104 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Féach Aguisín 9.

Fuarthas faomhadh ó Chomhaltaí na Comhairle ag Cruinniú Speisialta den Chomhairle a tionóladh ar an 12 Meitheamh, 2006.

CUNTAS IONCAIM

Is iad seo a leanas na táblúcháin i ndáil leo sin thuasluaite, ag taispeáint na príomhthorthaí.

Tábla 1

Caiteachas			**Buiséad**		
	Buiséad ar	**Deontais breise**	**Athbhreithnithe**		
Clárghrúpa	**Glacadh leis**	**& Nithe**	**Coigeartú ar**	**Caiteachas**	
		In-aisioctha	**Chlár 9**	**Comhlán**	**Difríocht**
		go hiomlán	**san áireamh**		
	€	**€**	**€**	**€**	**€**
Tithíocht & Tógáil	17,263,824	(1,318,200)	**15,943,596**	15,158,872	**784,724**
Bóithre,Iompar & Sábháilteacht	49,460,228	2,028,160	**51,482,772**	52,857,708	**(1,374,936)**
Uisce & Séarachas	17,100,624	44,600	**17,143,196**	18,271,032	**(1,127,836)**
Pleanáil	7,405,288	(306,400)	**7,097,952**	6,644,873	**453,079**
Cosaint na Timpeallachta	12,421,632	38,000	**12,458,228**	11,091,883	**1,366,345**
Caitheamh Aimsire & Conláistí	7,815,088	(87,350)	**7,726,802**	7,253,039	**473,763**
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte &	11,373,684	887,400	**12,259,836**	12,266,040	**(6,204)**
Ilghnéitheach	12,902,532	7,612,034	**20,513,162**	20,910,875	**(397,713)**
Soláthar d'Iarmhéid Dochair	800,000	0	**800,000**	0	**800,000**
Iomlán	**136,542,900**	**8,882,644**	**145,425,544**	**144,454,321**	**971,223**
Ioncam					
			Buiséad		
		Deontais breise	**Athbhreithnithe**		
Clárghrúpa	**Buiséad ar**	**& Nithe**	**Coigeartú ar**	**Ioncam**	
	Glacadh leis	**In-aisioctha**	**Chlár 9**	**Comhlán**	**Difríocht**
		go hiomlán	**san áireamh**		
	€	**€**	**€**	**€**	**€**
Tithíocht & Tógáil	11,267,860	(891,900)	**10,367,692**	10,266,737	**(100,955)**
Bóithre,Iompar & Sábháilteacht	38,528,520	2,013,660	**40,519,284**	40,731,656	**212,372**
Uisce & Séarachas	6,605,360	31,600	**6,628,692**	5,953,246	**(675,446)**
Pleanáil	4,168,320	(386,900)	**3,777,604**	3,723,421	**(54,183)**
Cosaint na Timpeallachta	6,445,480	(98,000)	**6,341,756**	6,104,062	**(237,694)**
Caitheamh Aimsire & Conláistí	2,217,520	(108,700)	**2,105,004**	1,856,417	**(248,587)**
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte &	9,296,960	887,400	**10,179,272**	10,169,071	**(10,201)**
Ilghnéitheach	3,722,098	7,473,000	**11,189,374**	11,947,649	**758,275**
Ciste an Rialtais Áitiúil	35,733,005	26,084	**35,759,089**	35,759,089	**0**
Muirear Contae	2,273,177	0	**2,273,177**	2,273,788	**611**
Rátaí	16,284,600	0	**16,284,600**	16,483,020	**198,420**
Iomlán	**136,542,900**	**8,882,644**	**145,425,544**	**145,268,157**	**(157,387)**
Glan					
Clárghrúpa	**Athrú sa**	**Athrú san**	**Glan**		
	Chaiteachas	**Ioncam**			
Tithíocht & Tógáil	**784,724**	**(100,955)**	**683,769**		
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht	**(1,374,936)**	**212,372**	**(1,162,564)**		
Uisce & Séarachas	**(1,127,836)**	**(675,446)**	**(1,803,281)**		
Pleanáil	**453,079**	**(54,183)**	**398,896**		
Cosaint na Timpeallachta	**1,366,345**	**(237,694)**	**1,128,651**		
Caitheamh Aimsire & Conláistí	**473,763**	**(248,587)**	**225,176**		
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte &	**(6,204)**	**(10,201)**	**(16,405)**		
Ilghnéitheach	**(397,713)**	**758,275**	**360,562**		
Soláthar don Fhuíollach Dochair	**800,000**	**0**	**800,000**		
Ciste an Rialtais Áitiúil		**0**	**0**		
Muirear Contae		**611**	**611**		
Rátaí		**198,420**	**198,420**		
Iomlán	**971,223**	**(157,387)**	**813,835**		
Nota: Is é an Buiséad Leasaithe an Buiséad a bhfuil glactha leis móide na deontais breise atá fógraithe					

* Tá na rialacha caighdeánacha bailchríochnaithe curtha i bhfeidhm.

Faisnéis Caiteachais agus Ioncaim don Bhliain Airgeadais 2005 (Gach Clárghrúpa)

Tá achoimriú déanta ar an eolas fá chaiteachas agus ioncam do 2005 i dTábla 2 thíos.

Tábla 2

	Caiteachas	Ioncam	Glan
Buiséad Glactha	**€136,542,900**	**€136,542,900**	**Nialas**
Buiséad Athleasaithe	**€145,425,544**	**€145,425,544**	**Nialas**
Eischuir	**€144,454,321**	**€145,268,159**	**€813,837**
Faoi/Os cionn	**€971,223**	**(€157,385)**	**€813,837**

* Tá na rialacha caighdeánacha bailchríochnaithe curtha i bhfeidhm.

Go hachomhair, bhí biseach glan iomlán de glan €813,837 ann sa bhliain 2005 (Tearc-Chaiteachas de €971,223, Tearc-réadú de €157,385 ar Ioncam). Ciallaíonn sé seo go iarmhéid an dochair charntha ar an 31 Nollaig, 2005, ionann le €12,256,091 dochar i gcomparáid le hiarmhéid de €13,069,928 dochar ar an 31 Nollaig, 2004. In Aguisín 9, tá cuntas sonraithe de réir clárghrúpa. Nuair atá an léitheoir ag amharc ar an Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa doiciméad seo, taispeántar Ceannach agus Soláthar de Shócmhainní Seasta mar "Aistriúcháin chuig agus ó Chúlchistí" ar aghaidh an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais cé go bhfuil an t-eolas seo léirithe sna Clárghrúpaí in Aguisín 9.

I dTábla 3 thíos, tá Iarmhéid Cuntais Ioncaim agus Caiteachais léirithe, mar a tuairiscíodh sna Ráitis Airgeadais Bliantúla thar an tréimhse 1994-2004, na blianta sin san áireamh. Léirítear fosta na hiarmhéideanna mar % de chaiteachas iomlán na bliana sa Chuntas Caiteachais agus Ioncaim. Ar mhaithe le seasmhacht ó bhliain go bliain, clúdaíonn an figiúr caiteachais de €144,454,321 na suimeanna atá rangaithe mar Chaiteachas agus Ioncam agus nithe eile atá clúdaithe sa Chlár Comhardaithe de réir na dtreoirlínte náisiúnta.

Tábla 3

Iarmhéid Cuntais Ioncaim & Caiteachais thar an tréimhse 1994 - 2005

Bliain	Iarmhéid Dochair tuairiscithe ar 31/12 gach bliain	Iomlán Caiteachais d'Ioncaim Reatha don Bhliain de réir Leagan Amach an Bhuiséid Glactha	Iarmhéid Dochair mar % de Chaiteachas Iomlán Ioncaim Reatha
1994	€4,688,232 Dr	€44,413,532	10.56%
1995	€4,370,309 Dr	€50,451,353	8.66%
1996	€4,284,886 Dr	€52,434,123	8.17%
1997	€1,086,832 Dr	€58,707,690	1.85%
1998	€935,603 Dr	€62,270,716	1.50%
1999	€1,746,727 Dr	€71,504,280	2.44%
2000 ~~A~~	€3,383,586 Dr	€82,087,401	4.12%
2001	€9,959,593 Dr	€103,846,590	9.59%
2002	€9,620,599Dr	€114,647,751	8.39%
2003	€14,102,949Dr	€122,865,414	11.48%
2004	€13,069,928Dr	€130,512,865	10.01%
2005	€12,256,091Dr	€144,454,321	8.48%

Nótaí le Tábla 3

- Do na blianta 2003, 2004 agus 2005, léiritear suim charnach iomlán an ioncaim gur fios a bheith so-bhailithe, ar an 31 Nollaig gach bliain. I ngach bliain roimhe sin, is é an t-ioncam a bailíodh atá léirithe.

- Tá an t-airgead a tuairiscíodh a bheith bailithe isteach sa bhliain 2000 difriúil ón suim atá léirithe sa Tábla thuas. Sa bhliain 2000, íocadh cuid de Liúntas Chiste Rialtais Áitiúil don bhliain 2001, agus taispeánann an Tábla thuas an teacht isteach sin mar ioncam 2001, seachas ioncam na bliana 2000, mar a bhí d'iallach orainn ag an am.

CUNTAS CAIPITIL /GNÍOMHÚ maidir le CRUTHÚ SÓCMHAINNÍ SEASTA

Tá an cuntas seo curtha i láthair ar bhonn Caiteachais agus Ioncaim, den chuid is mó, diomaite roinnt táillí agus tobhach forbraíochta atá léirithe ar bhonn fáltas agus ag baint le roinnt sean-iarmhéideanna, agus nach bhfuil fabhraithe againn mar nach bhfuil muid cinnte gur fiú iad mar theacht isteach airgid, agus mar sin go bhfuil iarratas déanta chuig an Roinn fá choinne maoiniú. Níl muid ag brath ar aon chuid den mhaoiniú sin faoi láthair.

Bhí ollchaiteachas de €138,307,696 agus ollioncam de €132,290,078 ann sa bhliain 2005, ag cruthú meatha iomlán de (€6,017,618). (Féach Tábla 4). Bhí iarmhéid sochair foriomlán de €5,501,187 ann ar an 31 Nollaig 2005 i gcomparáid le sochar foriomlán de €11,518,805 ar an 31 Nollaig 2004. Tharlaigh an mheath go mórmhór sna Seirbhísí Uisce, Bóithre, Comhshaoil agus Tithíochta le méaduithe sna hiarmhéideanna sochair faoi Tobach Forbraíochta agus sa tSeirbhís Caitheamh Aimsire agus Conláistí.

TÁBLA 4

	2005 **€**	**2004** **€**
Caiteachas	138,307,696	104,498,423
Fáltais	132,290,078	107,348,178
Farasbarr (Easnamh)	**(6,017,618)**	**2,849,755**
Fuílleach Tosaigh (Sochar) ar an 1 Eanáir	11,518,805	8,669,051
Fuílleach Sochair sa Chuntas Caipitil ar an 31 Nollaig, 2005	**5,501,187**	**11,518,805**

*Tá na rialacha caighdeánacha bailchríochnaithe curtha i bhfeidhm.

Taispeánann an Cuntas Caipitil, mar atá sé leagtha amach sa Chlár Comhardaithe, ar an dí-chomhiomlánú an Mhórleabhair Caipitil mar na príomhaicmí Sócmhainne leagtha amach sa Chlár Comhardaithe - Obair ar Siúl/Réamhchostaisí, Sócmhainní Críochnaithe Maoinithe agus Neamh-mhaoinithe chomh maith le hiarmhéideanna eile. (Féach Tábla 5). Suas go dtí an bhliain 2003, bhí Mórleabhair na gCuntas Caipitil ag clúdach Leabhar Iasachtaí na Comhairle chomh maith. Tá an t-eolas a leanas don bhliain 2005 ag baint le gníomhú Caipitil /Cruthú Sócmhainní Seasta amháin, agus sochair agus dochair tugtha ar aghaidh.

Ìs fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil mórán creidiúintí sa Chuntas Caipitil a mbeadh tionchar mhór acu ar Chaipitil/Shócmhainní Seasta agus ar Shruth Maoine na Comhairle dá n-úsáidfí iad ar chúiseanna a bhfuarthas airgeadú faoina gcoinne. Tá ioncam de €1,520,288 áirithe san Iarmhéid Caipitil i leith fáltais sa todhchaí ó aisíocaíochtaí blianachta na gCeannaitheoirí Tionóntachta. Tá na blianachtaí seo á n-úsáid mar Fháltais Inmheánacha nuair a thagann siad isteach mar airgead tirim. Ar an tséala sin, <u>níl</u> na fáltais sin, a fhaightear sa todhchaí, ar fáil fá choinne cláracha reatha ina n-úsáidtear a leithéid d'fáltais. ((Féach Tábla 5 fosta).

Déanann Tábla 5 réiteach ar shuimeanna taispeánta sa Chlár Chomhardaithe, suimeanna atá aicmithe de réir an eolais atá ar fáil i ndáil le maoiniúchán, i gcomhdhéanamh fuílligh Chaipitil de €5,501,187 Sochar.

TÁBLA 5

Rinneadh dí-chomhlánú ar Fhuílleach an Chuntais Chaipitil sa Chlár Comhardaithe mar a leanas de réir na dTreoirlínte Nua Cuntasóireachta.

	€
* Obair ar Siúl & Réamhspeansais Maoinithe/Neamh-mhaoinithe	(5,633,009)
* Fuílligh Tograí Maoinithe	(6,931,677)
** Fuílligh Tograí Neamh-mhaoinithe	(6,271,069)
** Fuílligh Neamh-mhaoinithe nach mbaineann le tograí	(1,873,475)
Fuílligh Neamh-mhorgáiste Maoinithe	(257,462)
Oibreacha Gníomhaithe Forchúitithe	(1,807,513)
Fo-iomlán Dochair	**(22,774,205)**
Fuílligh Sochair Ginearálta	7,303,889
Tobach Forbartha	13,579,153
Blianachtaí ó Cheannach ag Tionóntaí atá ar fáil san am i lathair mar Fháltais Inmheánacha	5,872,062
Fo-iomlán Sochair	**26,755,104**
Fuílleach Sochair roimh Fáltais sa todhchaí ó Bhlianachtaí do Cheannach ag Tionóntaí	**3,980,899**
Fáltais sa todhchaí ó Bhlianachtaí do Cheannach ag Tionóntaí (Nach bhfuilar fáil mar Fháltais Inmheánacha)	1,520,288
Fuílleach Sochair sa Chuntas Caipitil ar an 31/12/2005	**5,501,187**

Mar chuidiú don té atá ag léamh na tuarascála athbhreithne seo, ciallaíonn "maoinithe"***** foinse (-í) maoiniúcháin atá aitheanta agus ar fáil go fóill chun an fuílleach atá taispeánta a ghlanadh. Ciallaíonn 'neamh-mhaoinithe'****** go bhfuil iomlán na foinsí aitheanta ioncaim ídithe agus/nó go ndearna tograí róchaiteachas ar na cionroinnt a fuair siad faoina gcoinne.

Áit ar bith a bhfuil sé ráite go bhfuil meascán d'eilimintí maoinithe agus neamh-mhaoinithe i gceist leis an obair, tá a leitheid d'obair aicmithe againn go foriomlán neamh-mhaoinithe agus tig leis seo míniú a thabhairt ar athruithe sna suimeanna fuílligh neamh-mhaoinithe ó €8.9m in 2003 go €8.3m in 2004 agus €8.1m in 2005, de réir mar a dhéanann muid soiléiriú ar staid mhaoiniúcháin bheacht de gach jab agus/nó féidearthacht, dlisteanacht cur isteach ar fhoinse mhaoiniúcháin áitiúil. Féach Nóta 11 – "Nótaí leis agus mar chuid de na cuntais".

Anailís ar Threochtaí Caiteachais Caipitil: 1994-2005

Taispeánann an tábla seo an caiteachas do Chuspóirí Caipitil do 1994-2005.

TÁBLA 6

Caiteachas ar Oibreacha Caipitiúla 1994 – 2005	
Bliain	**€m**
1994	22.867
1995	28.288
1996	39.508
1997	44.498
1998	50.232
1999	66.821
2000	84.845
2001	113.614
2002	89.612
2003	83.310
2004	104.498
2005	138.308

SÓCMHAINNÍ SEASTA –

Cruthaithe/ceannaithe ó tosaíodh ag úsáid Agresso, nó iad siúd atá ann go stairiúil.

Tá luach iomlán de €3,291,647,600 faoin teideal seo i gCuntais na bliana 2005 .

Tá Sócmhainní Seasta mar chuid de Chlár Comhardaithe na Comhairle le blianta beaga, ó cuireadh an Córas Bainistíochta Airgeadais Agresso i bhfeidhm maraon le feidhmiú céimneach ar an Cód úr Cleachtais Cuntasaíochta. Ar dtús, clúdaíodh na Sócmhainní a ceannaíodh nó a cruthaíodh ar chur i bfeidhm an chórais Agresso, agus sna blianta 2003, 2004, agus anois i 2005, táimid ag cur san áireamh de réir a chéile na Sócmhainní a cheannaigh agus a chruthaigh an Chomhairle san am atá thart, atá úsáideach i gcónaí i gcur ar fáil seirbhísí, agus mar thairbhe leanúnach don eagraíocht. I gcur san áireamh a leithéid de .shocmhainní, cloíonn an Chomhairle leis na treoirlínte atá leagtha síos ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i ndáil le Luacháil, Dímheas agus a leithéidí.

Tá an Chomhairle ag leanúint de bheith ag comhaireamh na Sócmhainní Stairiúla go léir, agus ag déileáil mar is cuí le ceisteanna a d'fhéadfadh éirí ar bhunús Idir-Údarás Áitiúil sa Chontae. Mar atá luaite sa tráchtaireacht ar na Cuntais don bhliain 2003 agus 2004, is próiseas fada achrannach atá sa chomhaireamh seo ar na Sócmhainní Stairiúla, mar tá gá le mionscrúdú ar mhórán taifead éagsúla i dtaca le hinrochtana, réimse agus nádúr.

Mar thoradh ar seo uilig, beidh roghanna na Comhairle níos soiléire sa chás go mbeidh aon sócmhainní aitheanta mar seo sa bhreis ar riachtanais na Comhairle, agus go bhféadfaí iad a úsáid nó a dhiúscairt de réir comhaontaithe oiriúnacha, comhaontú na gComhaltaí Tofa san áireamh.

Mar is léir ón Chlár Comhardaithe, tá na Sócmhainní Seasta rangaithe mar a leanas:

(1) Oibríochtúil	€493,511,398
(2) Infreastruchtúrtha	€2,774,830,624
(3) Pobal	€577,137
(4) Neamhoibríochtúil	€22,728,441
Iomlán	**€3,291,647,600**

Le tuilleadh eolais a fháil ar an aicmiú thuas, ba cheart na "Nótaí ar agus mar pháirt de na Cuntais" a léamh.

CUNTAS IASACHTA

Iasachtaí ag Baint le Morgáistí

Maidir le hIasachtaí ag Baint le Morgáistí, bhí bearna stairiúil ar an 1 Eanáir 2002, sa mhéid €5,847,432, idir Féichiúnaithe Fadtéarmacha (Daoine le cuntais morgáiste), agus Creidiúnaithe Fadtéarmacha (OPW agus HFA) a chuir an maoiniú riachtanach ar fáil. Ar an 31 Nollaig 2005, bhí sochar airgid thirim ionann le €118,458, laghdú de €2,155,976 ar fhigiúr €2,277,434 na bliana 2004. Tá an laghdú seo mar thoradh ar uainiú na dtarraingtí airgid, cistí fuascailte coinnithe siar ar chúiseanna éagsúla, riachtanaisí airgid thirim, agus dáileadh iasachtaí ar iarratasóirí sa bhliain 2005. Is é €5,327,432 an bhearna stairiúil thosaigh i ndiaidh méid de €520,000 a chur léi maidir le cinntiúchán an toraidh dheiridh don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais 2005. B'fhéidir go gcaithfear an bhearna stairiúil de €5,847,432 a mhaoiniú trí Phróiseas an Bhuiséad Ioncaim Reatha sa todhchaí, trí sholáthar díreach agus/nó coigiltis i dtáillí iasachta trí iasachtaí reatha a athairgeadú, faoi réir shonraí Nóta 13 de na "Nótaí ar agus mar pháirt de na Cuntais".

Iasachtaí nach mBaineann le Morgáistí

Baineadh úsáid as na hiasachtaí seo le maoiniú a dhéanamh ar Chlár Tógála Dílárnaithe na Comhairle, Feidhmiú Plean Bainistíochta Dramhaíle na Comhairle, Comh-mhaoiniú ar dheontais Stáit d'Oibreacha Mara agus Deontaisí DPG/ERG, ceannacht Taisce Talaimh Tithíochta, forbairt ar Amharclann Leitir Ceanainn, soláthar de Chiste Forbartha Geilleagraí &rl. Is é figiúr de €58,258,608 iarmhéid an bhunairgid iníoctha ar na hiasachtaí uile den tsórt seo ar an 31 Nollaig 2005.

CONCLÚID

Mar fhocal scoir, leagan an t-athbhreithniú seo, agus Aguisín 9 atá ag dul leis, na saincheisteanna príomha agus faisnéis airgeadaisi ndáil leis an Dréacht-Ráiteas Airgeadais Bliantúil Neaminiúchta do 2005 do Chomhairle Chontae Dhún na nGall. Léiríonn an méid seo a leanas comhiomlánú na n-iarmhairtí ar Speansais Oibriúcháin (Ioncam Reatha) ó lá go lá agus infheistíocht na Comhairle i dTograí Infreastruchtúir agus soláthar d'Airgeadú fadtéarmach i gcomhair cúnamh sóisialta a chuirtear ar fáil don phobal i gcoitinne de réir mar is gá agus nuair atá siad ina theideal(Caipiteal).

Léiríonn Táble 7 an caiteachas iomlán i 2004 agus 2005, leis an mhéadú bliain i ndiaidh na bliana tugtha i dtéarmaí iomlán agus i dtéarmaí céatadáin.

Tábla 7

Caiteachas	**2005**	**2004**	**Méadú**	**% Méadaithe**
Ioncam	144,454,321	130,512,865	13,941,456	10.68
Caipiteal	138,307,696	104,498,423	33,809,273	32.35
Iomlán	**282,762,017**	**235,011,288**	**47,750,729**	**20.32**

Léiríonn Tábla 8 an caiteachas comhiomlánaithe i bhfoirm táblach agus grafach do gach bliain don tréimhse 1994-2005.

Bhí an Caiteachas iomlán do Ioncam Reatha agus Caipiteal sa bhliain 2005 ionann le €282.762m (féach Tábla 7), méadú de €214.212m (nó 312%) thar ár gCaiteachas de €68.550m sa bhliain 1994 agus méadú de €144.437m (nó 104%) thar ár gCaiteachas de €138.325m sa bhliain 1999.

Tábla 8
Treocht Ioncaim & Caiteacais Caipitil

Bliain	€m
1994	68.550
1995	78.739
1996	91.942
1997	103.206
1998	112.503
1999	138.325
2000	166.932
2001	217.161
2002	204.260
2003	206.175
2004	235.011
2005	282.762